



**An Roinn Oideachais  
agus Scileanna  
Department of  
Education and Skills**

**Ciorclán 0056/2020**

**Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna,  
na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha**

**An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre**

**1 RÉAMHRÁ**

Is mian leis an Aire Oideachais fógra a thabhairt d'údaráis bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha faoi na téarmaí agus coinníollacha le haghaidh na Scéime um Rothaíocht chun na hOibre, a bhfuil éifeacht leo ón 1 Lúnasa 2020. Beidh feidhm ag an scéim maidir le múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, oifigigh chléireachais, airígh agus oibríthe cúram leanaí a n-íoctar leo ar phárollaí a n-oibríonn an Roinn Oideachais iad mar phámháistir.

Ní mór don iarratasóir bheith fostaithe faoi Chonradh Buan, faoi Chonradh Tréimhse Éiginnte, faoi Chonradh Téarma Shocraithe nó faoi Chonradh Páirtaimseartha Rialta tráth an iarratais. Ní mór go mbeidh an fhostaíocht in ann maireachtáil go dtí go mbeidh an t-imghéilleadh tuarastail aisghafa. Ní fhéadfaidh daoine a n-íoctar leo tríd an gCóras Éileamh ar Líne agus tríd an modh sin amháin leas a bhaint as an scéim, mar shampla: fostaithe ócáideacha nó neamhócáideacha, fostaithe ionaid atá ag cumhdach saoire mháithreachais, saoire do thuismitheoirí, saoire bhreiteachta, etc.

Tugadh isteach leis an Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2008, reachtaíocht lena gceadaítear d'fhostóir an caiteachas a bhaineann le rothar nua a sholáthar d'fhostaí a thabú gan an fostaí a bheith faoi dhliteanas i leith cánachas sochair chomhchineáil. Foráiltear le halt 9 den Acht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020, do mhéaduithe a dhéanamh ar an gcaiteachas is incheadaithe faoin scéim um rothaíocht chun na hoibre. Foráiltear leis freisin go bhféadfaidh fostaithe agus stiúrthóirí leas a bhaint as an scéim ar bhonn níos rialta. Ceadaítear leis an Reachtaíocht freisin go mbeidh feidhm ag an díolúine ó cháin sochair chomhchineáil i gcomhthéacs imghéilleadh tuarastail, is é sin, cásanna inar chomhaontaigh fostaí

cuid dá t(h)uarastal a ligean uaidh/uaithe nó a imghéilleadh in ionad rothar nua agus/nó trealamh sábháilteachta rothair nua a fháil ón bhfostóir. Déanfar costas iomlán an rothair agus/nó an trealaimh shábháilteachta rothair, mar atá luaite ar an sonrasc ón soláthraí, a asbhaint ón tuarastal agus ní íocfaidh an fostaí cáin ioncainm, Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa nó an Muirear Sóisialta Uilíoch ar an luach saothair a imghéilleadh.

De réir na scéime, féadfaidh fostóir rothar nua nó rothar leictreach nua agus/nó trealamh sábháilteachta rothair nua a cheannach thar ceann fostaí uair amháin gach ceithre bliana. Is é €1,500 an teorainn le haghaidh rothair leictreacha agus trealamh sábháilteachta gaolmhar. Is é €1,250 an teorainn anois le haghaidh rothair eile agus trealamh sábháilteachta gaolmhar.

Is féidir treoirnóta agus sraith Ceisteanna agus Freagraí ó na Coimisinéirí Ioncainm maidir leis an scéim a fháil ag an nasc seo a leanas: <https://www.revenue.ie/en/jobs-and-pensions/taxation-of-employer-benefits/cycle-to-work-scheme.aspx>

Ní bheidh feidhm ag an scéim **ach amháin maidir le rothair nua nó rothair leictreacha nua agus trealamh sábháilteachta rothair nua** a cheannófar ó sholáthraithe ceadaithe. Tá liosta soláthraithe agus tuilleadh faisnéise faoin scéim um rothaíocht chun na hoibre ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais ag an nasc seo a leanas: <https://ogp.gov.ie/cycle-to-work-scheme/>.

Chun críche na Scéime um Rothaíocht chun na hOibre, is féidir aon tagairt d'fhostóir sa chiorclán seo a léamh mar thagairt dhíreach don Roinn Oideachais, mar phámháistir. Is leis na daoine aonair seo a leanas a bhaineann aon tagairt d'fhostaí: múinteoir bunscoile nó iar-bhunscoile, cúntóir riachtanas speisialta, oifigeach cléireachais, airíoch agus oibrí cúram leanaí.

## 2 CEANGLAIS NA SCÉIME

Beidh imghéilleadh tuarastail ag fostaí i leith rothar/rothar leictreach a fháil inghlactha ag na Coimisinéirí Ioncainm chun críocha cánach faoi na coinníollacha seo a leanas:

1. Ní mór athrú infhorfheidhmithe bona fide a bheith ann ar na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, i.e. sochar a roghnú in ionad tuarastail.
2. Níor cheart an t-athrú a bheith cúlghabhálach agus ní mór fianaise i scríbhinn a bheith air.
3. Níor cheart aon teidlíocht a bheith ann chun an sochar a mhalartú ar airgead tirim.
4. Ní fhéadfar an rogha a rinneadh (i.e. sochar in ionad airgead tirim) a dhéanamh níos minice ná uair amháin in aon tréimhse ceithre bliana.
5. Ní mór an rogha a rinneadh a bheith neamh-inchúlghairthe don bhliain ábhartha ina ndearnadh í.

Ní bheidh aon tionchar ag an imghéilleadh tuarastail ar ranníocaíochtaí pinsin nó ar shochair phinsin.

## 3 IARRATAS AR AN SCÉIM

Ceanglaítear ar dhaoine aonair atá ag iarraidh leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. Na coinníollacha lena rialaítear an scéim (Aguisín 1) a léamh agus comhaontú leo.
2. Foirm Iarratais (Aguisín 2) a chomhlánú, áit a leagtar amach **an rothar nó an rothar leictreach agus/nó an trealamh sábháilteachta rothair** atá le ceannach.
3. Cuid 5 – Údarú agus Dearbhú ón Iarratasóir maidir leis an Asbhaint Tuarastail – den fhoirm iarratais a shíniú, áit a leagtar amach an t-imghéilleadh tuarastail do na míreanna a iarradh, i.e. **costas iomlán** an rothair agus/nó an trealamh sábháilteachta rothair, mar atá luaite ar an sonrasc.

Ní mór iarratais chomhlánaithe a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Párolla chuí sa Roinn Oideachais i gCorr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Seolfar foirmeacha neamhiomlána ar ais chuig an bhfostaí. Ní mór iarratais ar an scéim a dhéanamh ar na foirmeacha a ghabhann leis an gcioclán seo. Is féidir iarratais chomhlánaithe a scanadh agus a chur ar aghaidh ansin chuig an seoladh ríomhphoist párolla ábhartha atá léirithe ar an bhfoirm iarratais.

Féadfar iarratais a chur faoi bhráid na Roinne ag aon am le linn na bliana.

Is féidir an fhoirm iarratais a íoslódáil go díreach ó shuíomh Gréasáin na Roinne seo ag <http://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Payroll-Financial/Cycle-to-Work/Cycle-to-Work-Scheme.html>

**Ní mór an t-iarratas a chomhlánú i gcomhar leis an soláthraí.** Tabharfar ar an iarratas faisnéis faoin rothar nua/faoin trealamh sábháilteachta rothair nua a soláthraíodh agus sonraí an tsoláthraí. Ní mór don soláthraí an sonrasc ábhartha a cheangal leis an iarratas. Ní mór don soláthraí a ghlacadh leis freisin nach ndéanfaidh an Roinn an íocaíocht ach amháin trí Ríomhaistriú Airgid agus ní mór don soláthraí seoladh ríomhphoist gnó a sholáthar ionas gur féidir duillín íocaíochta a eisiúint chuige trí ríomhphost.

I gcás go mbeidh an soláthraí ceadaithe lonnaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, is amhlaidh, chun críocha Cánach Breisluacha (CBL), gur mar Fháil laistigh den Chomhphobal a chaithefear le rothar a cheannaigh an fostóir ó sholáthraí atá cláraithe do CBL i mBallstát eile den Aontas Eorpach. Ba cheart uimhir CBL an fhostóra a thabhairt don soláthraí (is féidir an uimhir sin a iarraidh ach úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála atá leagtha amach i mír 6) agus níor cheart don soláthraí aon Cháin Bhreisluacha a ghearradh ar an gceannachán. Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ag: <https://ogp.gov.ie/cycle-to-work-scheme/>

#### 4. ASBHAINN TUARASTAIL

Leagtar amach i gCuid 4 den Fhoirm Iarratais - *Údarú ón Iarratasóir maidir leis an Asbhaint Tuarastail* - an t-imghéilleadh tuarastail do na míreanna a iarradh. Ba cheart na critéir seo a leanas a thabhairt faoi deara maidir leis na hasbhaintí ón tuarastal:

- 1 Tosófar ar asbhaintí tuarastail a dhéanamh ar an dáta íocaíochta tuarastail is luaithe is féidir tar éis an fhoirm iarratais a fháil.
- 2 **Ní mór** gach asbhaint tuarastail a dhéanamh faoin bpárolla deiridh i nDeireadh Fómhair na bliana féilire inar tosaíodh ar iad a dhéanamh.
- 3 Féadfaidh fostaí a roghnú go ndéanfaí na hasbhaintí tuarastail thar thréimhse níos giorra.
- 4 I gcás iarratasóirí atá fostaithe faoi chonradh téarma shocraithe nó faoi chonradh páirtaimseartha rialta, ní mór na socrúithe asbhainte a chur i gcrích faoin lá pá deiridh i Lúnasa na bliana féilire inar tosaíodh ar iad a dhéanamh.
- 5 I gcás go mbeidh fostaí le baint den phárolla roimh Dheireadh Fómhair/Lúnasa na bliana ina ndearna sé/sí iarratas ar an scéim, ní mór an t-imghéilleadh tuarastail ar fad a bheith aisghafa faoina (h)íocaíocht tuarastail deiridh.
- 6 I gcás eisceachtúil ina mbeidh an soláthraí ceadaithe lonnaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, is amhlaidh, chun críocha CBL, gur mar Fháil laistigh den Chomhphobal a chaithfear le rothar a cheannaigh an fostóir ó sholáthraí atá cláraithe do CBL i mBallstát eile den Aontas Eorpach. Sna himthosca sin, ní mór teagmháil a dhéanamh leis an rannóg párolla ach úsáid a bhaint as na sonraí atá tugtha i mír 6 thíos sula n-iontrálfar an méid imghéillte tuarastail ar an bhFoirm um Asbhaint Tuarastail a Údarú. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Cuid 3 thuas den Chiorclán seo agus suíomh Gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais ag <https://ogp.gov.ie/cycle-to-work-scheme/>.

A luaithe a chuirfear na socrúithe asbhainte tuarastail i bhfeidhm, déanfar an íocaíocht leis an soláthraí agus féadfar an rothar/an trealamh sábháilteachta rothair a bhailiú ón soláthraí. Tabharfar fógra i scríbhinn don fhostaí faoi cén uair a thosófar ar asbhaintí a dhéanamh.

## 5. FAISNÉIS A SCAIPEADH

Iarrtar ar údaráis bhainistíochta aird na múinteoirí, na gcúntóirí riachtanas speisialta, na n-oifigeach cléireachais, na n-airíoch agus na n-oibríthe cúram leanaí uile ina scoileanna a n-íoctar leo ar phárollaí a n-oibríonn an Roinn Oideachais iad mar phámháistir a tharraingt ar a bhfuil sa Chiorclán seo. Is féidir an chiorclán seo a rochtain ar leathanach Gréasáin na Roinne Oideachais:

<http://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Payroll-Financial/Cycle-to-Work/Cycle-to-Work-Scheme.html>

## 6. CEISTEANNA

Ba cheart aon cheisteanna maidir le hoibriú na scéime do Mhúinteoirí Bunscoile a sheoladh le ríomhphost chuig [primtch\\_payroll@education.gov.ie](mailto:primtch_payroll@education.gov.ie)

Ba cheart aon cheisteanna maidir le hoibriú na scéime do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile a sheoladh le ríomhphost chuig [ppppayroll@education.gov.ie](mailto:ppppayroll@education.gov.ie)

Ba cheart aon cheisteanna maidir le hoibriú na scéime do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, Oifigigh Chléireachais, Airígh agus Oibrithe Cúram Leanaí a n-íoctar leo ar phárollaí a n-oibríonn an Roinn Oideachais iad a sheoladh le ríomhphost chuig [NTSPayroll@education.gov.ie](mailto:NTSPayroll@education.gov.ie)

## **7. CIORCLÁN ROIMHE SEO**

Glacann an ciorclán seo ionad chiorclán 0066/2017

P. Maloney.  
Príomhoifigeach.

27 Lúnasa 2020

### Coinníollacha na Scéime um Rothaíocht chun na hOibre

1. Ní mór don fostaí cuid dá b(h)untuarastal bliantúil a imghéilleadh nó a ligean uaidh/uaithi in ionad rothar nua/trealamh sábháilteachta rothair nua a fháil ón Roinn. Déanfar costas iomlán an rothair agus/nó an trealaimh shábháilteachta rothair, mar atá luaite ar an sonrasc ón soláthraí, a asbhaint ón tuarastal agus ní íocfaidh an fostaí cáin ioncaim, Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa nó an Muirear Sóisialta Uilíoch ar an luach saothair a imghéilleadh. Beidh an socrú sin i bhfeidhm go dtí go mbeidh an t-imghéilleadh tuarastail aisghafa ina iomláine agus léireofar é sin i nduilleíní pá an fostaí thar an tréimhse sin.
2. Ní mór an rothar nua/an trealamh sábháilteachta rothair nua a ceannaíodh faoin scéim a úsáid go príomha chun taisteal chuig an obair agus/nó uaithi agus/nó idir áiteanna oibre.
3. Agus rothar nua á cheannach aige/aici, ní mór don fostaí a bheith ar an eolas go gcuireann an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann caighdeáin áirithe sábháilteachta rothair chun feidhme thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh. Maidir le rothair a chomhlíonann caighdeáin den sórt sin, déantar talamh slán de go gcomhlíonann siad Treoir 2001/96/CE ón Aontas Eorpach maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, lena gcuirtear oibleagáid ar tháirgeoirí táirgí sábháilte a chur ar an margadh. Is iad seo a leanas na caighdeáin ábhartha;
  - a. I.S. EN14764:2006 - rothair chathrach agus fálróide,
  - b. I.S. EN14766:2006 – rothair shléibhe,
  - c. I.S. EN14781:2006 – rothair rásaíochta.
  - d. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na nithe sin a rochtain ag <http://www.nsai.ie>
4. Ní fhéadfaidh an fostaí scor dá rannpháirtíocht sa scéim roimh dhul in éag an tsocraithe imghéillte tuarastail, ach amháin i gcás foirceannadh fostaíochta. I gcás go bhfoirceannfar an fostaíocht roimh dhul in éag an tsocraithe imghéillte tuarastail, ní mór don fostaí an t-iarmhéid atá dlite a íoc leis an Roinn Oideachais, ar iarmhéid é a fhéadfar a asbhaint ó aon íocaíocht atá amuigh. I gcás nach féidir déanamh amhlaidh, beidh ar an Roinn Oideachais an t-iarmhéid atá dlite a aisghabháil ón bhfostaí ansin faoi théarmaí Chiorclán 84/2015 dar teideal Beartas agus Nósanna Imeachta chun Ró-íocaíochtaí Tuarastail nó Pinsin a Aisghabháil.
5. Ní fhéadfaidh fostaí páirt a ghlacadh sa scéim ach uair amháin in aon tréimhse ceithre bliana. I gcás go mbainfidh siad leas as an scéim um rothaíocht chun na hoibre chun rothair agus/nó trealamh sábháilteachta a cheannach ar chostas ar lú é ná €1,250, i gcás rothar, nó ar lú é ná €1,500, i gcás rothar leictreach, ba cheart d'fhostaithe a thabhairt faoi deara nach bhféadfaidh siad leas a bhaint as an scéim arís go ceann tréimhse ceithre bliana. Beidh an bhliain chánach ina soláthrófar an rothar ar an gcéad bhliain den tréimhse. Mar shampla, má bhain tú

leas as an scéim le linn aon mhíosa sa bhliain 2016, féadfaidh tú leas a bhaint as an scéim arís ón 1 Eanáir 2020.

6. I gcás go ngoidfear rothar a ceannaíodh faoi théarmaí na scéime, ní fhéadfar rothar athsholáthair a cheannach faoin scéim laistigh de thréimhse ceithre bliana ón gceannachán bunaidh. De réir na reachtaíochta, ní fhéadfaidh duine aonair ach ceannachán rothair amháin a dhéanamh faoin scéim in aon tréimhse ceithre bliana, is cuma cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh an rothar ar feadh na tréimhse ar fad.
7. Ní bheidh feidhm ag an scéim ach amháin maidir le rothar nua/trealamh sábháilteachta rothair nua a cheannófar ó sholáthraithe ceadaithe. Tá liosta iomlán soláthraithe ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais: <https://ogp.gov.ie/cycle-to-work-scheme/>
8. Íocfaidh an Roinn leis an soláthraí as an rothar/an trealamh sábháilteachta rothair. Ceann de na ceanglais a chuirfear ar sholáthraithe atá páirteach sa scéim is ea gur chun tairbhe don fostaí a bheidh na barántaí uile a bhaineann leis an rothar/an trealamh sábháilteachta rothair agus gur idir an fostaí agus an soláthraí a réiteofar aon saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn i leith na mbarántaí.
9. Admhóidh an fostaí nach mbeidh an Roinn Oideachais freagrach as slándáil, diúscairt, cothabháil, deisiú agus úsáid an rothair nó an trealaimh shábháilteachta rothair agus nach mbeidh sí faoi dhliteanas ina leith.
10. Ní ghlacfaidh an Roinn Oideachais le haon fhreagracht as mí-úsáid na rothar nó an trealaimh ag fostaíthe agus dearbhóidh sí gur neamh-inaistrithe a bheidh rothair agus trealamh sábháilteachta rothair a cheannófar faoin scéim.
11. Ní fhéadfaidh an fostaí a rannpháirtíocht sa scéim a chealú tar éis an íocaíocht a dhéanamh leis an soláthraí.

An Roinn Oideachais  
Foirm Iarratais ar an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre

**Cuid 1 – Sonraí an Iarratasóra**

Ainm an Iarratasóra

Seoladh

Éirchód

Uimhir Theileafóin Teagmhála

Seoladh Ríomhphoist Teagmhála

Uimh. Phárolla

Uimh. PSP

Earnáil

Múinteoir Bunscoile

Múinteoir Iar-bhunscoile

Baill Foirne Neamhtheagaisc i mBunscoil

Ball Foirne Neamhtheagaisc i nIar-bhunscoil

Uimh. Rolla Scoile

**Cuid 2 – Sonraí an tSoláthraí**

Ainm an tSoláthraí

Seoladh an tSoláthraí

Tír

Éirchód/Postchód an tSoláthraí

Seoladh Ríomhphoist Teagmhála an tSoláthraí (Chun Críocha Duillín Íocaíochta)

**Cuid 3 – Sonraí Íocaíochta an tSoláthraí**

Uimhir Shonraisc

Méid Sonraisc (Euro)

€



Uimhir Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (IBAN) an tSoláthraí  
Cód Aitheantais Bainc (BIC) Chuntas Bainc an tSoláthraí

**Cuid 4 – Sonraí an Trealamh a Ceannaíod**

Sonrasc ceangailte  
leis seo

**Earraí**

**Cur Síos**

**CBL san áireamh sa Phraghas**

Rothar

Clogad Rothaíochta

Cloigíní agus bonnán bolgáin

Soilse/dineamó

Scátháin agus pludghardaí

Fáiscíní rothaíochta/gardaí éadaigh

Painnéir, iompróirí bagáiste  
agus strapaí

Glais agus slabhraí

Teannairí, fearais deisithe  
poill agus séaltán boinn

Éadaí frithchaiteacha, frithchaiteoirí  
bána tosaigh agus  
frithchaiteoirí spóca

**IOMLÁN**

## Cuid 5 – Údarú agus Dearbhú ón Iarratasóir maidir leis an Asbhaint Tuarastail

Údaráim leis seo méid € \_\_\_\_\_ a imghéilleadh ó mo bhuntuarastal bliantúil in ionad rothar nua/trealamh sábháilteachta rothair nua a fháil ón Roinn Oideachais.

Údaráim leis seo go ndéanfar an t-imghéilleadh tuarastail a aisghabháil ar an mbonn seo a leanas go dtí go mbeidh sé aisghafa ina iomláine agus go ndéanfar na hasbhaintí le linn na bliana cánach reatha.

An dáta tosaithe go dtí an dáta pá deiridh i mí Dheireadh Fómhair

An dáta tosaithe go dtí an dáta pá deiridh i mí Lúnasa (i gcás conarthaí téarma shocraithe nó conarthaí páirtaimseartha rialta)

Meán Fómhair go dtí an dáta pá deiridh i mí Dheireadh Fómhair

Asbhaint aonuaire

Léigh mé coinníollacha na Scéime um Rothaíocht chun na hOibre mar atá leagtha amach i gCiorclán 0056/2020 agus comhaontaím leo. Deimhním go gcomhlíonfaidh mé coinníollacha an Chiorcláin ina n-iomláine.

Tuigim gur cheart dom an rothar a úsáid de réir na rialacha agus na rialachán uile atá leagtha amach ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre<sup>i</sup> agus gur cheart dom trealamh sábháilteachta rothair cuí a úsáid i gcónaí.

Síniú an Iarratasóra

Dát

Is féidir ceisteanna maidir le hoibriú na Scéime um Rothaíocht chun na hOibre a chur le ríomhphost chuig na seoltaí seo a leanas:

Múinteoirí Bunscoile: [printch\\_payroll@education.gov.ie](mailto:printch_payroll@education.gov.ie)

Múinteoirí Iar-bhunscoile: [pppayroll@education.gov.ie](mailto:pppayroll@education.gov.ie)

Baill Foirme Neamhtheagaisc: [NTSPayroll@education.gov.ie](mailto:NTSPayroll@education.gov.ie)

### **Cosaint Sonraí**

Caithfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna leis na sonraí pearsanta uile atá tugtha agat ar an bhfoirm seo mar ábhar atá faoi rún agus ní bhainfear úsáid astu ach amháin chun na críche atá beartaithe. Ní nochtfar an fhaisnéis sin ach amháin de réir mar a cheadaítear le dlí nó chun na gcríoch atá liostaithe i gclárúchán na Roinne leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí – TAG. 10764/A. Lorgófar cead uait má tá an fhaisnéis atá tugtha agat le húsáid chun críocha seachas na críocha sin atá leagtha amach i gclárúchán na Roinne leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

† Féach suíomh Gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre

<https://rsa.ie/en/RSA/Pedestrians-and-Cyclists/Cycling-safety/>